Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

## Máistir Gairmiúil san Oideachas (Múinteoireacht Bhunscoile)

## Na Riachtanais Iontrála agus an Nós Imeachta don bhliain 2025

**1. Is clár iarchéime oideachas múinteoirí don mhúinteoireacht bhunscoile (2025-2027) é seo do dhaoine a bhfuil Céim onóracha Bhaitsiléara ag Leibhéal 8 acu nó do na daoine sin a measann go bhfaighidh siad torthaí rathúla ina scrúduithe deiridh roimh an Aoine an 11 Iúil 2025.**

Is clár lánaimseartha é seo. Tosóidh sé i mí Mheán Fómhair 2025 agus tiocfaidh sé chun deiridh i samhradh na bliana 2027. Soláthrófar é sna hinstitiúidí ardoideachais seo a leanas:

- Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Campas Choláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9. (ioe@dcu.ie). Teileafón: (01) 700 9161
  Suíomh Gréasáin: https://www.dcu.ie/

- Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach. (Admissions@mic.ul.ie). Teileafón: (061) 205137 / 205160 / 204348 / 204929
  Suíomh Gréasáin: https://www.mic.ul.ie/

- Roinn Froebel don Oideachas Bunscoile agus Luath-Óige, Ollscoil Mhá Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. (froebel.department@mu.ie). Teileafón: (01) 4747400.
  Suíomh Gréasáin: https://www.maynoothuniversity.ie/froebel-department-primary- and-early-childhood-education.

- Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9. (admissions@mie.ie). Teileafón: (01) 8057742. Suíomh Gréasáin: https://www.mie.ie/en/.

Beidh líon teoranta áiteanna ar fáil ar na cláir sin agus roghnófar iarratasóirí rathúla trí bhíthin comórtais (féach Aguisín 2 agus Aguisín 3). Cuirtear in iúl d'iarratasóirí gur féidir go mbainfear úsáid as gearrliostú.

Maidir le daoine a n-éiríonn leo an clár seo a chur i gcrích, beidh siad incháilithe lena gclárú ag an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 1: Bunoideachas agus, dá bhrí sin, beidh siad incháilithe lena gceapadh i mbunscoileanna.

Tá sé beartaithe ag Institiúid Oideachais Marino sruth amháin ar a clár Máistir Ghairmiúil san Oideachas sa tréimhse 2025-2027 a thairiscint go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Beidh spéis ar leith ag daoine atá ag iarraidh teagasc i nGaelscoil nó i scoil Ghaeltachta sa rogha sin. Tá tuilleadh mionsonraí faoin rogha bheartaithe sin ar fáil ó admissions@mie.ie.

## 1. Critéir Incháilitheachta

**Tá dhá eochairchéim i gceist leis an bpróiseas iarratais, mar atá leagtha amach sa doiciméad seo.**

Ceanglófar ar iarratasóirí fianaise dhoiciméadach a thabhairt dá n-institiúid ardoideachais roghnaithe á thaispeáint go gcomhlíonann siad na riachtanais ag (a), (b) agus (c) thíos mar a leanas.

### (a) Scrúdú Cainte Gaeilge

Ní mór do gach iarratasóir ionchasach an chomhpháirt cainte de cheann **amháin** de na scrúduithe cainte de Theastas Eorpach na Gaeilge atá liostaithe a bheith **curtha i gcrích** acu, agus an grád iomchuí a bheith bainte amach acu, **roimh** an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach chuig a nInstitiúid Ardoideachais roghnaithe chun na riachtanais iontrála a chomhlíonadh.

(a) Ní mór d’iarratasóirí 65% nó níos airde a bhaint amach sa chomhpháirt cainte de scrúdú Gaeilge Theastas Eorpach na Gaeilge ag Meánleibhéal 1 (B1) roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach chun na riachtanais iontrála a chomhlíonadh, nó

(b) Ní mór d’iarratasóirí teastas bailí a bheith acu faoi láthair i scrúdú Gaeilge Theastas Eorpach na Gaeilge ag Meánleibhéal 2 (B2) nó i scrúdú Gaeilge Theastas Eorpach na Gaeilge ag Ardleibhéal (C1), tar éis dóibh grád 50% nó níos airde a bhaint amach.

Beidh toradh rathúil i scrúdú Theastas Eorpach na Gaeilge bailí ar feadh dhá bhliain sular ghá an scrúdú a athdhéanamh.

Ní mór d’iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar leithligh chun tabhairt faoi scrúdú cainte Gaeilge Theastas Eorpach na Gaeilge, atá á riar ag Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil in Ollscoil Mhá Nuad.

Tá clárú ar oscailt anois le haghaidh scrúdú cainte Theastas Eorpach na Gaeilge (B1) agus is é **5pm Dé hAoine an 3 Eanáir 2025** an dáta deiridh le haghaidh iarratais ar líne ar Theastas Eorpach na Gaeilge a chur isteach. Is féidir leat clárú don scrúdú seo ag an nasc seo: Cláraigh do scrúdú Theastas Eorpach na Gaeilge

Beidh an Scrúdú Cainte Gaeilge comhdhéanta díobh seo:-

- comhrá ar thopaicí saoil laethúil, ag tabhairt eolais agus ag cur tuairimí in iúl;
- rólghníomhaíocht ar chás ar leith, ag iarraidh eolais, ag tabhairt eolais agus ag cur tuairimí in iúl;

- scéal simplí a insint, á thuairisciú cad atá ag tarlú i sraith pictiúr.

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go dteastaíonn ardchaighdeán líofachta sa Scrúdú Cainte Gaeilge agus ba cheart dóibh ullmhú don scrúdú dá réir. Féach B1_treoir_PME_EN.pdf chun tuilleadh faisnéise a fháil.

**AGUS**

**(b) Íosriachtanais Iontrála i nGaeilge, i mBéarla agus i Matamaitic.**

Ceann amháin de na tacair cáilíochtaí dara leibhéal seo a leanas:

(i) i Scrúdú na hArdteistiméireachta

| **Ábhar** | **Gaeilge** | **Matamaitic** | **Béarla** |
|---|---|---|---|
| **Íosghrád** | A4 | A7 nó G4 | A7 nó G4 |
| **Marc céatadánach** | 60%<70% | 30%<40% nó 60%<70% | 30%<40% nó 60%<70% |

A – Ardleibhéal

G – Gnáthleibhéal

Is leagtha amach in Aguisín 1 atá na gráid agus na marcanna céatadánacha sa scéim grádaithe don tréimhse 1992-2016 agus sa scéim nua don bhliain 2017 i leith

(ii) i Scrúduithe Leibhéal GCSE agus Ard-Leibhéal GCE i dTuaisceart Éireann: Grád C ag Ard-Leibhéal GCE i nGaeilge; Grád C ag Leibhéal GCSE i mBéarla agus i Litríocht an Bhéarla araon nó Grád B ag Leibhéal GCSE i gceachtar díobh; agus Grád D ag Leibhéal GCSE i Matamaitic Bhreise nó Grád C ag Leibhéal GCSE i Matamaitic.

**Roghanna eile ar cháilíocht dara leibhéal i nGaeilge, i mBéarla nó i Matamaitic** Glacfar le Pas i Scrúdú *Chéadbhliain na nEalaíon* ar an Ollscoil i nGaeilge, i mBéarla nó i Matamaitic in ionad riachtanas Scrúdú na hArdteistiméireachta nó GCE/GCSE don ábhar iomchuí, de réir mar is cuí leis an Institiúid Ardoideachais nó leis na hInstitiúidí Ardoideachais.

**Roghanna eile ar cháilíocht dara leibhéal i nGaeilge**

- Grád C a gnóthaíodh sa Scrúdú Máithreánach (a reáchtáladh go dtí an bhliain 1992)
- Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal C1, Ollscoil na Gaillimhe
- Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal B2, Ollscoil na Gaillimhe
- Dioplóma sa Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad
- Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ag Leibhéal B2, Ollscoil Mhá Nuad

- Dioplóma sna hEalaíona (An Ghaeilge Fheidhmeach), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Dioplóma sa Ghaeilge (An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha), Ollscoil Luimnigh
- Dioplóma sa Ghaeilge in Ollscoil Uladh

**Roghanna eile ar cháilíocht dara leibhéal i Matamaitic**

- Grád Pas a gnóthaíodh i Matamaitic sa Scrúdú Máithreánach (a reáchtáladh go dtí an bhliain 1992).
- Pas le tuillteanas (65-79%) nó pas le gradam (80-100%) a gnóthaíodh i gCúrsa Matamaitice ag Leibhéal 5 ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (5N 1833).

Faoin **11 Iúil 2025**, ní mór d'iarrthóirí fianaise dhoiciméadach (tras-scríbhinn torthaí) a thabhairt dá n-institiúid ardoideachais roghnaithe á thaispeáint gur chomhlíon siad na híosriachtanais iontrála nó rogha fhormheasta eile.

**AGUS, DE BHREIS AIR SIN,**

**(c) Cáilíocht Acadúil**

Ní mór d'iarratasóirí na nithe seo a bheith acu:

- **Céim Onóracha Bhaitsiléara 2.2 ar a laghad** (Mórdhámhachtain ag Leibhéal 8 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) a bhfuil ualú creidiúna ar an gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna atá cothrom le 180 creidiúint ar a laghad aici.

Roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach chuig a nInstitiúid Ardoideachais roghnaithe nó chuig a nInstitiúidí Ardoideachais roghnaithe, ní mór d'iarratasóirí fianaise a thabhairt dá nInstitiúid Ardoideachais roghnaithe á thaispeáint go sonraítear a gcéim a bheith ina mórdhámhachtain ag an leibhéal cuí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

**Mic léinn ionchasacha don sruth lán-Ghaeilge ar chlár an Mháistir Ghairmiúil san Oideachas in Institiúid Oideachais Marino**

I dteannta na n-íosriachtanas iontrála agus acadúil atá leagtha amach in 1(b) agus 1(c) thuas, ní mór do gach iarratasóir ionchasach ar an sruth lán-Ghaeilge an scrúdú iomlán i ndáil le ceann **amháin** de na scrúduithe de Theastas Eorpach na Gaeilge atá liostaithe thíos a bheith **curtha i gcrích acu**, agus an grád iomchuí a bheith bainte amach acu, **roimh** an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach chuig a nInstitiúid Ardoideachais roghnaithe chun na riachtanais iontrála a chomhlíonadh.

(a) Ní mór d'iarratasóirí 65%+ a bhaint amach i **scrúdú iomlán Theastas Eorpach na Gaeilge ag Leibhéal B1 (na comhpháirteanna cainte, cluastuisceana agus scríofa)**. Ní mór na torthaí iomlána ag Leibhéal B1 de Theastas Eorpach na

Gaeilge a chur isteach faoin 4 Aibreán 2025 (https://www.teg.ie/l%C3%A9ibheil-scr%C3%BAduithe/me%C3%A1nleibh%C3%A9al-1-b1.254.html).

nó

(b) Ní mór d'iarratasóirí teastas bailí a bheith acu faoi láthair i **scrúdú iomlán Gaeilge Theastas Eorpach na Gaeilge ag Meánleibhéal 2 (B2) nó i scrúdú iomlán Gaeilge Theastas Eorpach na Gaeilge ag Ardleibhéal (C1) (na comhpháirteanna cainte, cluastuisceana agus scríofa)**, tar éis dóibh grád 50% nó níos airde a bhaint amach.

Beidh toradh rathúil i scrúdú Theastas Eorpach na Gaeilge bailí ar feadh dhá bhliain sular ghá an scrúdú a athdhéanamh.

Ní mór d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar leithligh chun tabhairt faoi scrúdú Gaeilge Theastas Eorpach na Gaeilge, atá á riar ag Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil in Ollscoil Mhá Nuad.

Osclófar clárú an 9 Eanáir 2025 le haghaidh scrúduithe iomlána Theastas Eorpach na Gaeilge (B1) agus is é **an Chéadaoin an 29 Eanáir 2025 (meán lae)** an dáta deiridh le haghaidh iarratais ar líne ar Theastas Eorpach na Gaeilge a chur isteach. Is féidir leat clárú don scrúdú seo ag an nasc seo: Cláraigh do scrúdú Theastas Eorpach na Gaeilge

## 2. An próiseas iarratais agus roghnúcháin

Tá an fhaisnéis iomchuí ar fad i ndáil leis an bpróiseas iarratais agus roghnúcháin ar fáil ar shuíomhanna Gréasáin na nInstitiúidí Ardoideachais.

Féach suíomh Gréasáin d'Institiúide Ardoideachais roghnaithe chun mionsonraí a fháil faoin bpróiseas iarratais agus roghnúcháin, lena n-áirítear an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach.

**Is é an Luan an 7 Aibreán 2025 an dáta deiridh a ghlacfar le hiarratais i gcás na gceithre Institiúid Ardoideachais atá liostaithe thuas.**

## 3. Faisnéis Ghinearálta

### 1. Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht:

Ceanglófar ar gach mac léinn a ligfear isteach i gclár an Mháistir Ghairmiúil san Oideachas dhá shocrúchán a chur i gcrích sa Ghaeltacht. Mairfidh gach socrúchán tréimhse dhá sheachtain. Is cuid éigeantach den chlár é sin agus ní mór do gach mac léinn oideachas tosaigh bunmhúinteoirí é a chur i gcrích.

Tá deontas iníoctha ag an Roinn Oideachais le mic léinn i leith freastal ar an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht.

Chun leas a bhaint as an deontas sin, ní mór do mhic léinn a bheith ag freastal ar cheann amháin de na ceithre sholáthraí Oideachas Tosaigh Bunmhúinteoirí atá á gcistiú ag an Stát: -

- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Coláiste Mhuire gan Smál
- Institiúid Oideachais Marino
- Roinn Froebel don Oideachas Bunscoile agus Luath-Óige, Ollscoil Mhá Nuad

## 2. Deontais Mac Léinn:

Is é SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn) an t-údarás dámhachtana náisiúnta aonair do gach deontas ardoideachais agus breisoideachais. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an Scéim Deontas Mac Léinn don bhliain acadúil 2025/2026 ar fáil sna míonna atá romhainn ar shuíomh Gréasáin SUSI ag https://www.susi.ie/

## 3. Feidhmiúlacht chun Cleachtadh:

1. *Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:* Sula bhféadfar clárú mic léinn a chur i gcrích, ní mór don mhac léinn dul faoi phróiseas ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun a shuí cé acu atá nó nach bhfuil aon chiontuithe aige/aici nó cé acu atá nó nach bhfuil aon chúisimh choiriúla ar feitheamh ina leith. I gcás go ndeimhneofar sa phróiseas sin gurb ann do chiontuithe nó do chúisimh den sórt sin, tarchuirfear an ní chuig Coiste Grinnfhiosrúcháin laistigh den institiúid ardoideachais, a chinnfidh ansin cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh an mac léinn leanúint lena c(h)lár staidéir.

2. *Ceanglais Leighis:* Ceanglaítear ar roinnt mac léinn oideachas múinteoirí atá ag teacht isteach Foirm um Fhaisnéis faoi Stádas Sláinte a chomhlánú, á chur in iúl cé acu atá nó nach bhfuil aon tinnis nó míchumais shuntasacha leanúnacha orthu a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a imirt ar an gcumas atá acu ceanglais an chláir, lena n-áirítear an Socrúchán Scoile, a chur i gcrích. Maidir le hiontrálaithe a dhearbhóidh go bhfuil riochtaí suntasacha sláinte, míchumais shuntasacha nó riochtaí suntasacha síceolaíocha orthu, déanfar measúnú orthu ar bhonn aonair chun a mheas cé acu a bheadh nó nach mbeadh cumas acu éilimh an chláir a chomhlíonadh dá gcuirfí socruithe réasúnacha i bhfeidhm dóibh. Ní eisiafar aon duine aonair ar an bhforas go bhfuil riocht nó míchumas ar leith air/uirthi i gcás go measfar gur dóigh go mbeadh an duine sin in ann ceanglais an chláir a chomhlíonadh dá gcuirfí socruithe réasúnacha i bhfeidhm dó/di. Cuirfidh institiúidí ardoideachais mic léinn ar an eolas faoin nós imeachta atá le leanúint ina leith sin.

Le linn an chláir lánaimseartha oideachas múinteoirí seo, **ní fhéadfaidh** rannphháirtithe gabháil d'aon ghnó ná d'aon chlár staidéir eile gan cead a fháil roimh ré ó Uachtarán/Ceann Roinne na hinstitiúide ardoideachais.

Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an gclár ar fáil ó institiúid ardoideachais roghnaithe an iarratasóra.

**Aguisín 1**

**Scéimeanna Grádaithe na hArdteistiméireachta (an Scéim don tréimhse 1992-2016 agus an Scéim Nua don bhliain 2017 i leith)**

| **An Scéim don tréimhse 1992 – 2016** | **% a Bronnadh** | **An Scéim Nua don bhliain 2017 i leith** | **% a Bronnadh** |
|---|---|---|---|
| A1 | 90-100 | A1/G1 | 90-100 |
| A2 | 85<90 | A2/G2 | 80<90 |
| B1 | 80<85 | | |
| B2 | 75<80 | A3/G3 | 70<80 |
| B3 | 70<75 | | |
| C1 | 65<70 | A4/G4 | 60<70 |
| C2 | 60<65 | | |
| C3 | 55<60 | A5/G5 | 50<60 |
| D1 | 50<55 | | |
| D2 | 45<50 | A6/G6 | 40<50 |
| D3 | 40<45 | | |
| E | 25<40 | A7/G7 | 30<40 |
| F | 10<25 | A8/G8 | 0<30 |

**Aguisín 2**

Mar atá léirithe thuas, beidh líon teoranta áiteanna ar fáil ar na cláir sin agus roghnófar iarratasóirí rathúla trí bhíthin comórtais. Beidh an próiseas iarratais ag brath ar an institiúid ardoideachais chuig a bhfuil tú ag déanamh iarratais. Mar shampla:

Cuirfidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste Mhuire gan Smál agus Roinn Froebel, Ollscoil Mhá Nuad, Córas Scórála Pointí i bhfeidhm in ionad próiseas agallamhbhunaithe. Laistigh den Chóras Scórála Pointí, leithdháilfear pointí i leith na nithe seo a leanas

- feidhmíocht i gCéim incháilithe onóracha Bhaitsiléara ag leibhéal 8, agus
- cáilíochtaí acadúla iomchuí breise, más ann
- taithí ghairmiúil iomchuí, más ann
- taithí dheonach iomchuí, más ann

Maidir leo sin nach mbeidh a gcéim curtha i gcrích acu go fóill tráth an iarratais, déanfar meastóireacht orthu bunaithe ar thorthaí scrúdaithe na bliana acadúla is déanaí a cuireadh i gcrích (gan ERASMUS ná a choibhéis a chur san áireamh).

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi na córais scórála, déan teagmháil leis na hInstitiúidí Ardoideachais aonair.

## Aguisín 3

Is iad na critéir roghnúcháin le haghaidh iarrthóirí a bheidh ag tabhairt faoi na hagallaimh in Institiúid Oideachais Marino ná oiriúnacht don teagasc (20%), inspreagadh (15%), scileanna idirphearsanta (20%), cumas cumarsáide (20%), buanna agus inniúlachtaí iomchuí (10%), fianaise ar cheannaireacht agus tionscnamh (10%) agus taithí iomchuí (5%).